

Anso is ansúd i gCorca Dhuibhne

Athrú Saoil

Is maith is cuimhin liom mo chéad turas go dtí Gaeltacht Chorca Dhuibhne. Tháinig mé ar an traein ó Chorcaigh go Trá Lí agus ar aghaidh liom ar an mbus go dtí an Daingean ansin. Ní raibh tuairim agam cá raibh Ceann Trá gan trácht ar Chathair Bó Sine-an áit ina mbeinn ag fanacht ar feadh trí seachtaine agus mé ag obair mar cheannaire. Bhíos thar a bheith neirbhíseach-cad a tharlódh mura dtaitneodh an jab liom? Cad a tharlódh mura mbeinn in ann an Ghaeilge áitiúil a thuisint? O cén fáth gur chuireas isteach ar an bpost seo in ionad dul go Meiriceá le mo chairde don samhradh?? Sin iad na ceisteanna a bhí ag rith trí mo cheann. Bailíodh sa Daingean mé agus ar aghaidh liom ansin go dtí Teach Siamsa na Carraige, áit ar bhuaill mé leis na ceannairí eile. Shuigh mé síos in aice le Corcaíoch eile-Treasa Ní Longáin agus is dlúthchairde sinn ó shin. Tar éis dúinn bualadh le bainisteoirí na gcúrsaí Gearóid Ó Brosnacháin agus Pádraig Firtéar, tógadh go dtí ár dtithe sinn. Bhíos ag fanacht le Nóra Bn Uí Shúilleabháin, Cathair Bó Sine (Ar dheis Dé go raibh a hanam dílis.) “Dia do bheathasa” a dúirt sí liom agus í ina seasamh ag doras an tí. Ní raibh an beannú sin cloiste agam riamh. Cad ba cheart dom a rá? An raibh freagra ceart ann ar an mbeannú sin? Isteach liom go dtí an chistin pé scéal é agus is ansin a d’athraigh gach rud. Chuir Bean an Tí fáilte mhór romham agus bhraitheas ar mo shuaimhneas láithreach.

Chaitheas trí shamhradh sa tigh sin agus caithfidh mé a rá gur chabhraigh sé go mór le mo chuid Gaeilge. Bhaineas an-taitneamh as an am. Ina dhiaidh sin fuair post mar mhúinteoir ar na cúrsaí. Ní dheachaigh mé ró-fhada ó Chathair Bó Sine chun lóistín a fháil. D’fhanas le grúpa múinteoirí i dtigh Joe Brick, Ceathrún a’ Phúca. Cuimhneoidh mé go deo ar na laethanta sin-an turas go dtí an Hillgrove Oíche Dé Sathairn, gan trácht ar an turas abhaile i ndiaidh an chlub ar an mbus! B’shin iad na laethanta! An tsaoirse, an chraic agus na hoícheanta ceoil i dTigh Tábhairne Pháidí Uí Shé. Níl fágtha anois ach cuimhní-ach cuimhní iontacha gan dabht.

Chaitheas cúig nó sé de bhlianta ag múineadh ar na cúrsaí samhraidh go dtí gur phós mé sa bhliain 2007. B’í an chéad saoire a bhí agam le m’fhear céile ná seachtain ar an mBuailtín agus táimid ag dul ann gach samhradh ó shin. Tá beirt chlainne againn anois áfach agus mar sin tá athrú mór tagtha ar mo laethanta i gCorca Dhuibhne! Is cinnte go bhfuil deireadh tagtha leis na hoícheanta sa Hillgrove agus na maidneacha déanacha sa leaba! Ach is deas an t-athrú a thugann páistí don saol. Cé go mbíonn orm éirí go luath agus a bheith istigh go luath istoíche, is fiú go mór é mar tá súil agam go mbeidh an grá céanna ag mo pháistí don áit agus don teanga. Ní bhíonn mórán ama agam chun dul ag siopadóireacht sa Daingean nó chun dul ag siúl ar an dtráigh....agus is cinnte go mbeidh níos lú ama agam an samhradh seo chugainn mar táim ag súil le cúpla go luath!!

Ach tá rud amháin cinnte-is cuma cé chomh gnóthach is a bheidh mé an samhradh seo chugainn ní chuirfidh sé stop lenár dtréimhse i nGaeltacht Chorca Dhuibhne!

Caitriona Bhreathnach

Siúl Sléibhe trí Ghaeilinn i gCorca Dhuibhne!

arna eagrú ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne ón 10ú - 12ú Deireadh Fómhair 2014

Beidh **Cúrsa Gaeilge, Siúlóidí Oidhreachta & Blaiseadh Bia** á reáchtáil arís i mbliana ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne ón 10ú-12ú Deireadh Fómhair 2014. Beidh raidhse imeachtaí ar siúl ó ranganna Gaeilge ar maidin go siúlóidí sa tráthnóna, go cainteanna spreagúla istoíche agus blaiseadh bia an Fhómhair ar an Satharn.

‘Ceithre lá iontacha, sásúla i gCorca Dhuibhne, ag siúl sléibhte, ag breathnú ar radharcanna áille, ag foghlaim agus ag cleachtadh na Gaeilge i dteannta mhuintir na háite - níl rud níos fearr ar domhan’ a deir duine dár rannpháirtithe fén gcúrsa seo.

‘Deinimid iarracht freastal ar dhaoine a thagann is cuma cén cumas teanga nó aclaíochta atá acu,’ a deir Caitriona Ní Chathail. ‘Beidh cúpla rang Gaeilge ar maidin againn agus beidh aoichainteoir chugainn ansan roim lóin. Tar éis lóin beidh rogha ag rannpháirtithe tabhairt fé Chnoc Bréanainn nó siúlóid seandálaíochta nó oidhreachta eile sa cheantar, Slí Ghallaraís, cuir i gcás, nó fiú dul chomh fada ó bhaile le Lios Póil.’

Tuilleadh Eolais: www.oidhreachta.ie / eolas@cfcd.ie nó 066 9156100 / Leathanach Facebook ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne

Má tá fonn ort breis deiseanna a thabhairt do leanbh Gaelainn a chloisint b'fhéidir go mbeadh suim agat i gcuart baile. Bíonn cluichí, comhrá agus comhlúadar i gceist.

"Chabhraigh na Cuirteanna go mór linn níos mó Gaelainne a úsáid sa bhaile"
Andrew Duggan/Siobhán Dempsey - Tuismitheoirí

"Bhíodh na leanaí ag súil go mór leis a gcuart gach seachtain"
Aifric Ó Brosnacháin - Tuismitheoir

Bhfuil Gaelainn agat féin? Bhfuil fonn ort deiseanna breise a bheith ag do leanbh Gaelainn a chlos/a labhairt? Suim agat i gcuart baile teangan?

If you'd like to give your child more opportunities to hear Irish you might be interested in a home language visitor. The visit involves conversation, fun, games and encouragement.

"The children really looked forward to the visits"
Aifric Ó Brosnacháin - Parent

"It was a very easy approach to using more Irish in the home"
Andrew Duggan/Siobhán Dempsey - Parents

It's another opportunity to speak Irish and if you only have a little it might spur you on to learn more!

Breis eolais / Info: Orlaith 066 9156100

Beidh na grúpaí súgartha ag tosnú thar n-ais an tseachtain seo chugainn! Grúpa Súgartha **sa Chlochán** gach **Luan** 10.30 - 12.30 Aiseanna Óige **an Daingin** gach **Céadaoin** 10.30 - 12.00. An Máimín **Baile an Fheirtéaraigh** gach **Déardaoin** 10.15 - 11.45

Beifear ag tosú ar sheisiún scéalaíochta do leanaí faoi 8 ar 16/9/14. Beidh said ar siúl gach Máirt sa Turret ar an gCarraig. Spás teoranta. Má tá suim agat ann glaigh ar Orlaith ag 087 758 1381

Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Oidhreachta Chorca Dhuibhne
066 9156100 nó eolas@cfcd.ie



www.oidhreachta.ie / www.cfcd.ie

